

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire a tionóladh ar MSTeams trí ghlaio comhdhála.

Cruinniú 7: An 30 Márta 2020

I láthair: An Clr. Kazi Ahmed, an Clr. Yvonne Collins, Anne Genockey, an Clr. Peter Kavanagh, an Clr. Pamela Kearns, Colm Kilgallon, Claire Markey, Daneve Harris, an Clr. Brigid Manton, Gerry McGuire, Paul McNally, an Clr. Joe Newman, an Clr. Ed O'Brien, an Clr. Una Power, an Clr. John Walsh.

Leithscéalta: Brendan O'Halloran, an Clr. Michael Clark, Ken Farrell

I láthair: Paddy Lavelle, POF; Debbie Howlett, Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Emma Maloney, cúntóir pearsanta an SMT.

Doiciméid:

Arna nUaslódáil go Leictreonach

1. Miontuairiscí na gcruinnithe roimhe seo – an 26 Feabhra 2020
2. Miontuairiscí agus tuarascálacha an Choiste
3. Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach
4. Ráiteas Bliantúil Airgeadais
5. Tuarascáil Airgeadais
6. Tuarascáil Bhliantúil
7. Tuarascáil ar na Foirgnimh
8. Nuashonraithe ar Phróifíl na Foirne
9. Coistí an Bhoird - Miontuairiscí & Beartais
10. Baill an Choiste agus an Bhoird Bainistíochta
11. Comhfhreagras ón Roinn Oideachais agus Scileanna

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED

A decorative graphic in the bottom right corner of the page. It consists of several overlapping, curved, light green shapes that create a sense of movement and depth. Overlaid on this graphic is the text 'LEARN', 'ACHIEVE', and 'SUCCEED' stacked vertically in a bold, dark green, sans-serif font.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



Tag.	Mír	Cinneadh
	Fáilte Chuir an Cathaoirleach, an Clr. John Walsh, fáilte roimh na baill. Chuir an Cathaoirleach agus na baill a gcomhbhrón in iúl dóibh siúd a leanas: - Joe Newman, ball an BOO, ar Bhás a Dheirféar, Jean; Angie McCann, Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin, ar Bhás a hAthar, John; Caroline Daly, an Cheannoifig, ar Bhás a hAthar, Brendan; Michael Mooney, Múinteoir ag C.P. Fhinnéin, ar bhás a Athar, Patrick; Niamh Woods, an Cheannoifig, ar bhás a Dearthár, Denis. Thug an Cathaoirleach ardmholadh do mhúinteoirí agus foireann tacaíochta an BOO as leanúint dá gcuid teagaisc agus foghlama sna cúinsí deacra a bhí i gceist leis an troid i gcoinne scaipeadh Covid-19.	
01	Leithscéalta Tugadh na leithscéalta faoi deara	Nótáilte
02	Clár Oibre an Chruinnithe Comhaontaíodh clár oibre an chruinnithe	Comhaontaithe
03	Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl	
04	Buanordú – Leasuithe Faomhadh na leasuithe ar an mBuanordú. Bhain siad sin leis an ngá a chinntiú go gcoimeádann na baill a gcuid ríomhairí slán agus iad ag freastal ar chruinnithe go cianda, amhail faoin dianghlasáil reatha mar gheall ar Covid-19 agus a chinntiú go gcoinníonn siad ábhair na gcruinnithe faoi rún.	Molta ag: An Clr. Peter Kavanagh Cuidithe ag: Gerry McGuire
05	Coistí agus tuairiscíú 5 a) Tuarascálacha ón bhFeidhmeannach 1. Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach -rinneadh na buncheisteanna a ardaíodh sa ráiteas sin a phlé, eadhon a dheacair a bhí sé i gcónaí ar an BOO na riachtanais maidir le cúrsaí soláthair a chomhlíonadh. Thug na baill faoi	Molta ag: An Clr. John Walsh

Commented [DH1]: Can we add it was recommended by ARC

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@doacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



deara na hiarrachtaí a rinneadh chun comhlíonadh iomlán a bhaint amach agus d'admhaigh siad nach raibh an Cheannoifig ábalta sárúithe a aithint luath go leor chun rialuithe a chur i bhfeidhm mar gheall ar nádúr scaipthe an chórais cheannaigh. Tugadh an sampla de threalamh cosanta pearsanta agus díghalrán lámh a cheannach le déanaí - bhí ar na scoileanna go léir iad sin a cheannach go práinneach ach d'fhéadfadh an costas comhiomlán a bheith os cionn na tairsí.

- An Ráiteas Bliantúil Airgeadais - rinneadh an Ráiteas a phlé, tar éis don Choiste Airgeadais é a scrúdú agus tar éis dóibh é a fhaomhadh lena ghlacadh. Bhí an coiste sásta go ndearnadh gach iarracht chun fanacht de réir an bhuiséid a leithdháileadh ach go bhfuil na scoileanna, na hionaid agus an Cheannoifig faoi bhrú ollmhór mar gheall ar an méadú atá tagtha ar líon na ndaltaí agus na bhfoghlaimoírí. Ghlac an Bord leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil d'aon ghuth.

- Tuarascáil airgeadais

An Bhliain go dáta Feabhra 2020

Clár	Iarmhéid Airgid Deontais		Íocaíochtaí	Iarmhéid Airgid Deontais Deiridh	
	Tosaigh	Fáltais		An 29 Feabhra 2020	An 29 Feabhra 2020

IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME MAR PHÁ	43,187	(17,439,769)	17,833,364	436,783
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME NEAMHPHÁ	2,719,459	(1,349,325)	2,446,504	3,816,638
AN tIOMLÁN A BHAINNEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(3,024,500)	(11,757)	579,732	(2,456,526)
IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA	(147,076)	(420,835)	202,915	(364,996)
CAIPITEAL IOMLÁN IOMLÁN NA nDEONTAS TRIÚ LEIBHÉAL	(410,286)	0	-	(410,286)
AN tIOMLÁN NACH mBAINNEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(699,773)	(1,969,106)	6,316,497	3,647,618
IOMLÁN NA nIONAD OILIÚNA	(3,589,296)	(9,872,804)	6,280,064	(7,182,036)

Cuidithe ag: An Clr. Anne Genockey

Molta ag: An Clr. Kazi Ahmed
Cuidithe ag: An Clr. Joe Newman

Glactha

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ				
ÓIGE	(441,864)	(2,429,040)	1,003,753	(1,867,151)
IOMLÁN NA GNÍOMHAIREACHTA	(383,033)	(868,202)	737,812	(513,423)
IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE	(6,187,298)	(682,597)	920,889	(5,949,005)
Iarmhéid Bainc	(15,689,991)	35,768,070	(37,331,270)	(14,126,789)
MÓRIOMLÁN	-	-	-	-
	(15,689,991)	(35,768,070)	37,331,270	(14,126,789)

Bhí thart ar €14.1m ar láimh ag BOOÁC DL ag deireadh mhí Feabhra 2020. Rinneadh an t-easnamh fadtéarmach ar ONP a laghdú go dtí thart ar €3m mar thoradh ar an maoiniú breise a d'éisigh an ROS maidir le 2019. Is ionann an teorainn caiteachais don Phríomhscéim Neamhphá i gcomhair 2020 agus €8,693,306, atá ina méadú 3.6% ar mhéid 2019. Mar gheall ar chostais árachais, glanadh ar conradh agus na costais a bhaineann leis na daltaí breise agus na háiseanna scoile breise tabhóidh BOOÁC DL easnamh thart ar €300k le haghaidh 2020.

4. Iarratas ar rótharraingt

Rinneadh saoráid rótharraingthe dar luach 10 milliún euro a fhaomhadh. Tá an tsaoráid sin á cur ar bun chun a chinntiú go mbeidh cúlchiste leordhóthanach ann ionas go bhféadfaí airgead a íoc le SGTO le haghaidh párolla go luath más gá, sula bhfaighfean an deontas ón Roinn, i gcás go gcuirfí moilleanna gan choinne ar aistrithe mar gheall ar an dianghlasáil.

5. Gnó an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

A. Cruinniú le Riarachán Bunoideachais na Roinne Oideachais agus Scileanna-tar éis chruinniú deireanach an BOO, bhuaile mé féin agus Debbie Howlett leis an bPríomhoifigeach agus leis an bhfoireann i mBaile Átha Luain. D'éirigh linn faoiseamh a fháil i bhfianaise ár gcúinsí mar BOO atá ag fás agus go leor brú air. Tugadh faomhadh dúinn chun daoine nua a fhostú in ionad ball foirne a théann ar scor nó a éiríonn as. Tugadh faomhadh dúinn le haghaidh dhá phost POC nua, agus dhá phost de ghrád 4 agus dhá phost de ghrád 3. Aithnítear freisin go bhfuil buiséad íseal againn i bhfianaise an fháis lena bhfuilimid ag plé. Go leithleach, admhaítear i dtogra ón Aonad Tógála san ROS go mbíonn saineolas ar Bhainistíocht Tionscadail ag teastáil ó BOOanna. Cuireadh faoi chúram BOOÉ raon feidhme na n-oibreacha a leagan amach maidir le conradh chun

Molta ag: An Clr.
Yvonne Collins
Cuidithe ag: Gerry
McGuire

Commented [PL2]: This appears to me to be at the wrong spot-the proposer/seconded is for the overdraft request I presume

Nótáilte

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@boaodl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



saineolaithe ar Bhainistíocht Tionscadail a fhostú. Measaimid go bhfeabhsófar ár gcumas freagairt ar éilimh ollmhóra ár gcláir thógála reatha ar an gcaoi sin.

B. Bhí Féile an Cheoil ar siúl an 10 Márta. Níl aon amhras ann ach go raibh tionchar ag Covid-19 ar an líon daoine a bhí i láthair ann. Ba é an t-imeacht deireanach a bhí ar siúl sular dúnadh na scoileanna. Bhain an lucht éisteachta a bhí ann an-taitneamh as. Molaimid Paul Kingston agus Carmel O'Neill go mór as an gceolchoirm a eagrú agus a chinntiú gur chuaigh gach rud ar aghaidh go binn, le linn na dtrialacha agus ar an oíche féin araon. Bhí foireann mhór thiomnaithe acu mar is gnáth agus táimid an-bhuíoch as an iarracht bhreise a rinne ár múinteoirí ceoil chun imeacht bliantúil ar fiú feitheamh dó a chruthú.

C. Ba é Covid-19 is mó a bhí faoi thrácht le cúpla seachtain anuas. Tá an-áthas orainn gur ghníomhaigh ár mbaill foirne sna scoileanna, sna hionaid agus sna seirbhísí ar chaoi chomh gairmiúil agus chomh ábhartha sin. Leanadh de dheiseanna foghlama a chur ar fáil do gach duine agus chinntigh ár bhfoirne TFC agus FCT go gcuirtear treoir iontach ar fáil, mar aon le tacaíocht theicniúil. Bhí an fhoireann inchurtha leis an dúshlán a bhain le hobair ón mbaile agus daltaí agus foghlaimoirí a choimeád dírithe ar a gcuid oibre.

An Stiúthóir Scoileanna don bhunoideachas, Adrian Flynn:

1. Sheol Adrian ríomhphost buíochais agus treorach chuig an bhfoireann teagaisc uile

2. Iontrálacha

Na spriocdhátaí agus próisis mar atá leagtha amach ag an Aire thíos:

- Dréachtbheartas Iontrála a ullmhú faoi dheireadh mhí an Mhárta 2020
- Dréacht a chur faoi bhráid an Phátrúin lena fhaomhadh faoi dheireadh mhí Aibreáin 2020
- Dul i gcomhairle athuair maidir le haon mhionathruithe agus seol ar ais chuig an bPátrún lena fhaomhadh faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2020

3. Athbhreithniú CP

- Mí an Mhárta-Mí an Mheithimh
- Deimhniú LT/LTA
- Measúuithe Riosca
- Ráiteas Cosanta

Commented [PL3]: Did we write to these to thank them? also is there something we do to say thanks? Conscious that Paul no longer an employee

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



4. BBanna

Tá an chnuasoiliúint do bhoird bainistíochta ar sos faoi láthair. Tá plan á cheapadh ag an ROS (Adrian & Nichola) le haghaidh oiliúint riachtanach a chur i bhfeidhm.

5. Suirbhé na bPríomhoidí

- Ardáin um Theagmháil le Foghlaimeoirí
- Modhanna cumarsáide leis na páirtithe leasmhara uile

6. Tacú le leanúnachas an teagaisc & na foghlama ar leibhéal iar-bhunscoile

Is é Microsoft Office 365 an t-ardán is fearr le BOOÁCDL agus cuirtear ar fáil é do na pobail scoileanna go léir faoi láthair.

- Is é Ríomhphost an bunmhodh cumarsáide d'fhoghlaimoirí a úsáideann gléas baile.
- Tá BOOÁCDL ag tacú le cianfhoghlaim le nuashonruithe laethúla ar acmhainní/smaointí chun foghlaim a fheabhsú le ríomhphost agus MS OneNote

Tacaítear le foghlaim ar raon bealaí éagsúla:

- Seolann an múinteoir ábhar/tascanna - seolann an foghlaimoir an tasc críochnaithe le ríomhphost agus faigheann sé/sí aiseolas ón múinteoir le ríomhphost.
- Tacaíonn Teacher OneNote le lúb ríomhphoist.
- Tacaíonn BOOÁCDL le cianfhoghlaim le nuashonruithe laethúla ar acmhainní/smaointí chun foghlaim a fheabhsú agus leas á bhaint as ríomhphost agus OneNote

Dúshláin

- Foghlaimoirí a choinneáil rannpháirteach, spreagtha agus i ndea-fholláine.
- Nascacht - d'fhéadfadh nach mbeadh nascacht leathanbhanda rómhaith ag roinnt foghlaimoirí agus mar sin bheadh orthu sonraí soghluaiste a fháil chun foghlaim. Ba cheart do na soláthraithe sonraí soghluaiste na pacáistí seirbhísí soghluaiste uile a chur ar fáil le sonraí neamhtheoranta chun rochtain chothrom do na foghlaimoirí uile a chinntiú. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag EIR.
- Tá ceannairí digiteacha/comhordaitheoirí TFC na scoileanna faoi bhrú agus iad ag tacú le páirtithe leasmhara lena n-áirítear múinteoirí, foghlaimoirí agus tuismitheoirí.

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



- Bíonn deacrachtaí le Timpeallachtaí Fíorúla Foghlama mar gheall ar an mór-éileamh atá orthu faoi láthair.

7. Príomhoidí

- Tá na Príomhoidí Iar-bhunscoile uile scartha ina dhá ghrúpa ar Teams le haghaidh físchruinnithe seiceála isteach ar líne.

Tuairiscíonn an Stiúrthóir BOaO mar seo a leanas:

- Tá nuáil ar siúl ag an bhfoireann agus na seirbhísí BOaO ar bhonn laethúil chun tacú le leanúnachas an teagaisc agus na foghlama agus téann an fhoireann i dteagmháil le foghlaimeoirí ar mórán bealaí éagsúla chun tacú leis na bhfoghlaimeoirí go léir lena riachtanais ar leith.
- Tá an Stiúrthóir BOaO agus an Bainisteoir DC ag obair le DCCÉ chun treoirlínte coiteanna ar cháilíocht dearbhaithe a fhorbairt maidir le hábhar cúrsa a chur ar fáil go cianda, agus foghlaimeoirí a mheasúnú i gcomhthéacs dhúnadh na n-ionad d'fhoghlaimeoirí. Tá tascanna á ndéanamh in ionad measúnuithe, lena bhféadfaí na torthaí foghlama céanna a mheasúnú, rud a bheidh tábhachtach do na foghlaimeoirí go háirithe dóibh siúd a dteastaíonn uathu dul ar aghaidh go dtí cúrsa ardoideachais. Tá struchtúir agus tacaíochtaí curtha ar bun trínár struchtúir rialachais chun tacú leis an obair sin. Tá sé mar aidhm againn tacú le foghlaimeoirí agus baill foirne sa chás ina bhfuilimid.
- Rinne an tAonad DC comhdháil a óstáil le haghaidh chathaoirligh na bPainéal Faofa Torthaí (atá freagrach as torthaí a fhaomhadh) ar fud na 38 n-ionad BOaO. Cuireadh seisiún oiliúna ar fáil do na Comhordaitheoirí DC BOaO go léir maidir leis na doiciméid choiteanna nua um dhearbhu cáilíochta. Beidh sé sin fíorthábhachtach sa lá atá inniu ann de réir mar a bhogaimid ar aghaidh go dtí timthriall an mheasúnaithe i gcás mórán cúrsaí agus toisc gur gá é sin a dhéanamh go cianda anois.
- Tá deiseanna nua um Fhoghlaim Ghairmiúil á n-aithint i ndáil le teagasc ar líne agus foghlaim ar líne, agus tá siad sin á seoladh chuig múinteoirí agus teagascóirí chun tacú leo agus leis na foghlaimeoirí sa lá atá inniu ann.
- Tá BOOÁCDL ina bhall gníomhach d'Fhóram Scileanna Réigiúnach Bhaile Átha Cliath, in éineacht le hInstitiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais eile agus Comhlachtaí Ionadaíocha Fostóirí. D'fhorbair BOOÁCDL *Plean um Rannpháirtíocht Páirtithe* i gcomhair 2020 lena ndírítear ar chumarsáid, comhroinnt faisnéise,

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



teagmháil le fiontair agus comhar le lucht Ardoideachais agus Fostaithe. Beidh sé sin fíorthábhachtach chun freagairt dóibh siúd a chaill a bpoist. Tá ár nIonaid Oiliúna, ar an gcéad dul síos, ag obair ar phlean chun freagairt go háitiúil.

- Thug BOOÁCDL aiseolas do *Future FET: Transforming Learning 2020-2024*. Leagtar amach fíis sa Straitéis chun BOaO a fhorbairt thar na 5 bliana seo amach romhainn bunaithe ar thrí cholún - *scileanna, bealaí agus cuimsiú*. Beidh ár bhfreagairt ar an Straitéis sin i gcomhréir le spriocanna straitéiseacha BOOÁCDL.

Tuairiscíonn an Stiúrthóir Scoileanna le haghaidh PSN, Bhaile an Oibríoch agus na Seirbhísí don Óige mar seo a leanas:

Rinneamar, nó an Chomhairle Contae lena mbaineann, na seirbhísí don óige, na hionaid spóirt agus na hionaid phobail go léir a dhúnadh. Tá cianoibriú ar siúl do ghrúpaí óige ar fud ár limistéir BOO. Chuir Foróige a chuid cúrsaí ar fáil ar líne agus is cabhair mhór é.

Maidir le hionaid an Chláir Foghlama Malartaí (CFM), tuairiscíonn ár nOifigeach Forbartha Óige go bhfuil ardán foghlama ar líne ar a dtugtar “Seesaw” á úsáid ag na teagascóirí sin dá ndaltaí, in éineacht lena bplean teagmhais de ghlaio a chur ar gach dalta gach maidin/tráthnóna agus obair a thabhairt dóibh. Tá an scéal fós amhlaidh ach tá an obair á dháileadh ar líne agus aiseolas/teagasc láithreach á sholáthar le linn a ngnáthuaireanta oibre. Fuair a cuid teagascóirí físeáin chun cabhrú leo an córas sin a chur ar bun a luaithe is féidir leo.

Bunscoil-

- Bhuail Príomhoidí PSN BOOÁCDL an tseachtain roimh an dúnadh. Tugadh seicliosta agus teimpléad aiseolais dóibh le haghaidh pleananna teagaisc maidir le teagasc agus foghlaim nuair a bheidh na scoileanna dúnta. Ba iad Príomhoidí Iarbhunscoile a chur an seicliosta sin le chéile ach is féidir é a úsáid ar leibhéal na Bunscoile le beagán oiriúnaithe. Tionóladh cruinniú foirne i ngach scoil agus rinneadh an teimpléad agus plean a chur i gcrích agus a sheoladh ar aghaidh chuig an Stiúrthóir. Bhí sé beartaithe dúnadh ar feadh tréimhse gearr (2-3 seachtaine agus níos faide, más féidir).
- Rinne an Stiúrthóir athbhreithniú ar chomhthéacs gach scoile agus rinne sí an t-aiseolas ar an dul chun cinn a phlé le gach Príomhoide nó lena chomhordaitheoir TF, nó leis an mbeirt acu, an tseachtain seo caite. Tá ardán ríomhfhoghlama comhsheasmhach, SeeSaw, á chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach sna

**LEARN
ACHIEVE
SUCCEED**

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



Pobalscoileanna Náisiúnta go léir atá faoi choimirce BOOÁCDL, chun a chinntiú go mbeidh na tuismitheoirí, na múinteoirí agus na daltaí go léir rannpháirteach san fhoghlaim. Bhí sé curtha i bhfeidhm i roinnt scoileanna cheana féin agus mar sin táimid ábalta an saineolas ina leith a scaipeadh. Tá an oiliúint beagnach curtha i gcrích agus tá na scoileanna go léir réidh chun bogadh ar aghaidh an tseachtain seo chugainn nó níos luaithe fiú más féidir. Tá sé an-simplí, rialaithe, agus tá na daltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí go léir sásta a bheith rannpháirteach ann.

- Tá dlúthnasc ag BOOÁCDL le scoil 1:1 san Iodáil, a thugann deis dúinn foghlaim óna heispéireas agus breithniú ar an tsamhail atá i bhfeidhm aici. Rinne siad sraith seimíneár gréasáin leis na Príomhoidí agus na múinteoirí sin a óstáil dár scoileanna an tseachtain seo caite. Rinneadh é sin le comhordaitheoirí TF agus Príomhoidí ar leibhéal an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais agus an BOaO araon. Bhaineamar an-tairbhe as sin, go háirithe agus ardán coiteann amháin á chur i bhfeidhm againn ar bhonn céimneach dár PSNanna go léir - lena chinntiú go bhfuil an rannpháirtíocht ar líne ailínithe go dlúth leis an dea-chleachtas (Tá SeeSaw in úsáid ag roinnt scoileanna cheana féin ach bhí an deis againn ardán comhsheasmhach a chur i bhfeidhm ar fud ár PSNanna go léir. Tá na múinteoirí sin nasctha le PSNanna eile anois a bhfuil sé in úsáid acu).

- Tá fóram tacaíochta ar líne á chur ar bun faoi láthair i measc na PSNanna, agus tá acmhainní agus samhlacha meantóireachta/cúnaimh á gcomhroinnt laistigh de scoileanna agus idir na scoileanna araon. Déanfar na hacmhainní sin a uaslódáil chuig Microsoft Sharepoint comhroinnte, meantóireacht/péireáil/grúpáil ag tosú laistigh den scoil féin. Beidh na Comhordaitheoirí TF i bhfeighil ar chomhthiomsú acmhainní do na scoileanna go léir.

- Nascann na Príomhoidí le Nichola ar Teams le haghaidh cruinniú tuairiscithe seachtainiúil gach Aoine ag 10rn, tá struchtúir á gcur ar bun anois le haghaidh tacaíochta do chomhordaitheoirí TF agus múinteoirí inár scoileanna go léir, agus tá na scoileanna ag dul chun tosaigh agus ag oibriú le chéile - oibríonn scoileanna de mhéid chomhchosúil le chéile, ach bíonn na comhordaitheoirí go léir nasctha le chéile agus in ann cleachtais/fabhtcheartú a chomhroinnt.

- Bhí an t-aiseolas ó na príomhoidí ar maidin maidir le glacadh i measc na dtuismitheoirí an dearfach ar fad. Tugadh achoimre ar an obair atá á leithdháileadh do na tuismitheoirí go léir ag tús an phróisis seo, mar aon le tráthchláir agus eolas ar an gcaoi ar féidir leo dul i dteagmháil le gach múinteoir ranga. Bhí sé sin comhsheasmhach ar fud na bpobalscoileanna náisiúnta uile agus sa phlean teagmhais. Is léir go bhfuil sé sin ag athrú de réir mar a bhíonn ról níos mó ag

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



<p>riachtanais/comhthéacsanna teaghlaigh i rannpháirtíocht an dalta san fhoghlaim ón mbaile.</p> <ul style="list-style-type: none">• Sheol scoileanna suirbhéanna abhaile maidir le rochtain ar theicneolaíocht/ghléasanna, nach raibh ar an eolas faoi rochtain cheana féin. I gcás nach bhfuil aon Wifi/rannpháirtíocht ann, téann an múinteoir ranga nó an Príomhoide i dteagmháil leis na teaghlaigh sin ar bhonn duine le duine. Níor cheart an teicneolaíocht a bhrú ar aon duine, de réir eispéireas na hIodáile. Dá bhrí sin, déanaimid riachtanais na ndaltaí sin a chomhlíonadh.• Is é an sprioc go dtabharfaí aiseolas/ceartúchán le linn an lae scoile, go rachadh an múinteoir ranga/múinteoir scolaíochta baile nó múinteoir tacaíochta i dteagmháil leis na tuismitheoirí go léir, le glao gutháin/ríomhphost - is glao gutháin a úsáidtear i gcás ár ndaltaí faoi mhíbhuntáiste: Tá an leibhéal rannpháirtíochta an-ard i measc na ndaltaí faoi láthair.• Scaipeadh treoir/comhairle i measc na scoileanna maidir le struchtúir na gceachtanna, i bhfoirm físe, an tábhacht a bhaineann le díriú ar an oideolaíocht agus torthaí foghlama i gcónaí. Rinneadh samplaí a chomhroinnt i measc na scoileanna. Ceachtanna bunaithe ar ghníomhaíocht, agus MCF & MAF á léiriú go soiléir agus inbhraite trí SeeSaw a úsáid.• Chuir Príomhoidí a gcuid imní in iúl maidir le múinteoirí tacaíochta agus an chaoi a bhféadfaidís leanúint lena ról? Nasctar iad le múinteoir ranga nó 2 mhúinteoir ranga fiú, ag brath ar mhéid na scoileanna agus bíonn an bheirt mhúinteoirí freagrach as an ábhar, ach faigheann siad treoir ó phleanáil/fhorbhreathnú an mhúinteora ranga.• Ranganna NSU: Tá dlúthnasc againn le NCSE faoi láthair mar tá Scoil Speisialta againn do dhaltaí idir 6 bliana agus 18 mbliana d'aois. Chomhaontaigh NCSE leis an bPríomhoide go gcabhróidh siad le hardán foghlama ar líne in ionad a gcuairteanna comhairleacha, trí úsáid a bhaint as SeeSaw agus ar aon dul leis an méid atá á chur ar fáil againn sa chóras príomhshrutha. Tá tús curtha leis sin agus beidh sé suimiúil a fheiceáil conas a éireoidh leo.• Maidir leis an bPríomhoide agus an Fhoireann - tá na baill foirne go léir sna scoileanna go léir ar Outlook 365, Sharepoint agus Teams. Tá Teams do na Príomhoidí agus do na baill foirne á shocrú ag ár Roinn TF faoi láthair, ar maidin.• Saoráidí Coinneála agus Cúraim: Is é Moodle an t-ardán a úsáidtear do na 3 hionad coinneála agus shaoráid cúram speisialta as seo amach. Cuireadh seimineáir ghréasáin BOaO le chéile do mhúinteoirí agus cuirfeadh seimineáir ghréasáin eile le	<p>Glactha Molta ag: An Clr. Joe Newman Cuidithe ag: Claire Markey</p> <p>Nótáilte Nótáilte</p> <p>Molta ag: Gerry McGuire Cuidithe ag: An Clr. Kazi Ahmed</p>
---	--

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



chéile don fhoireann cúraim maidir leis na daltaí a logáil isteach ar bhealach slán. Tá an phleanáil le haghaidh Moodle mar is ceart ionas go bhféadfaí é a chur i bhfeidhm ó shaoire na Cásca ar aghaidh.

6. Tuarascáil Bhliantúil

Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2019

7. Tuarascáil ar na foirgnimh

8. Nuashonruithe ar próifílí na mball foirne

- i. Ceapacháin & Arduithe Céime
- ii. Daoine ag dul ar scor

5 b) Coistí an Bhoird

- 1) Miontuairiscí BB C.P. Bhaile Adaim, an 15 Eanáir 2020
- 2) Miontuairiscí BB C.P. Ard Giolláin, an 8 Deireadh Fómhair 2019
- 3) Miontuairiscí BB I.B.O. na Carraige Duibhe, an 28 Bealtaine 2019
- 4) Miontuairiscí BB I.B.O. na Carraige Duibhe, an 12 Samhain 2019
- 5) Miontuairiscí BB I.B.O. na Carraige Duibhe, an 10 Nollaig 2019
- 6) Miontuairiscí BB P.S.N. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard, an 13 Feabhra 2020
- 7) Miontuairiscí BB C.P. Pháirc Bhaile Choilín, an 4 Nollaig 2019
- 8) Miontuairiscí BB C.P. Setanta, an 15 Eanáir 2020
- 9) Miontuairiscí BB PSS Danu, an 12 Feabhra 2020
- 10) Beartas Iontrála PSS Danu 2019
- 11) Cód Iompraíochta PSS Danu 2019
- 12) Miontuairiscí BB C.P. Ráth an Deagánaigh, an 28 Eanáir 2020
- 13) Miontuairiscí BB C.P. Dhomhnach Bat, an 3 Nollaig 2019
- 14) Miontuairiscí BB C.P. Theach na Giúise, an 16 Meán Fómhair 2019
- 15) Miontuairiscí BB C.P. Theach na Giúise, an 12 Samhain 2019
- 16) Miontuairiscí BB C.P. Theach na Giúise, an 21 Eanáir 2020

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



	<p>17) Miontuairiscí BB C.P. na Gráinsí, an 10 Nollaig 2019 18) Miontuairiscí BB C.P. an Ghrífin, an 16 Eanáir 2020 19) Miontuairiscí BB C.P. an Ghrífin, an 27 Feabhra 2020 20) Miontuairiscí BB C.P. an Ghrífin, an 6 Feabhra 2020 21) Beartas Iontrála C.P. an Ghrífin 2021 22) Miontuairiscí BB C.P. na Ciseoige, an 4 Nollaig 2019 23) Miontuairiscí BB C.P. na Ciseoige, an 5 Feabhra 2020 24) Miontuairiscí BB C.P. Leamhcáin, an 9 Nollaig 2019 25) Miontuairiscí BB C.P. Leamhcáin, an 18 Samhain 2019 26) Miontuairiscí BB C.P. Leamhcáin, an 20 Eanáir 2020 27) Miontuairiscí BB Champas Bhaile an Oibricigh, an 7 Meitheamh 2019 28) Miontuairiscí BB Champas Bhaile an Oibricigh, an 6 Nollaig 2019 29) Miontuairiscí BB P.S.N. Aoife, an 11 Nollaig 2019 30) Miontuairiscí BB P.S.N. Choilm, an 16 Nollaig 2019 31) Miontuairiscí BB P.S.N. Ghráinne, an 17 Nollaig 2019 32) Miontuairiscí BB C.P. na Sceirí, an 3 Nollaig 2019 33) Miontuairiscí BB C.P. na Sceirí, an 14 Eanáir 2020 34) Beartas Iontrála C.P. na Sceirí 2021 35) Miontuairiscí BB C.P. Mhic Dara, an 8 Deireadh Fómhair 2019 36) Miontuairiscí BB C.P. Shoird, an 16 Eanáir 2020 37) Miontuairiscí an Choiste Ógtheagmhála Thuaidh, an 4 Feabhra 2019 38) Miontuairiscí an Choiste Ógtheagmhála Thuaidh, an 6 Márta 2019 39) Miontuairiscí an Choiste Ógtheagmhála Thuaidh, an 10 Aibreán 2019 40) Miontuairiscí an Choiste Ógtheagmhála Thuaidh, an 11 Samhain 2019 41) Miontuairiscí an Choiste Ógtheagmhála Theas, an 4 Feabhra 2019 42) Miontuairiscí an Choiste Ógtheagmhála Theas, an 6 Márta 2019 43) Miontuairiscí an Choiste Ógtheagmhála Theas, an 10 Aibreán 2019 44) Miontuairiscí an Choiste Ógtheagmhála Theas, an 11 Samhain 2019 45) Tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca 46) Tuirisc an Choiste Airgeadais, an 27 Feabhra 2019 47) Tuirisc an Choiste Airgeadais, an 13 Márta 2019 48) Tuirisc an Choiste Airgeadais, an 11 Samhain 2019 49) Tuirisc an Choiste Airgeadais, an 4 Nollaig 2019 50) Tuirisc an Choiste Airgeadais, an 21 Feabhra 2020</p> <p>Tuarascálacha faoi Alt 29 51) PSN Chormaic, an 27 Feabhra 2020</p>	
06	Glacadh na Miontuairiscí	

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@boacdl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



	Glacadh le Miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a bhí ar siúl an 26 Feabhra 2020	Molta ag: An Clr. Yvonne Collins Cuidithe ag: Colm Kilgallon												
07	Baill a cheapadh ar Choistí an Bhoird Ceapadh na baill seo a leanas <table border="1"><tr><td>I.B.O. Laoghaire</td><td>Dhún BOO</td><td>Deirdre Hanamy</td></tr><tr><td></td><td>BOO</td><td>Derek Walsh</td></tr><tr><td>C.P. Eriú</td><td>BOO</td><td>John Walsh</td></tr><tr><td>C.P. an Ghrífin</td><td>Tuismitheoir</td><td>Andy Pierce</td></tr></table>	I.B.O. Laoghaire	Dhún BOO	Deirdre Hanamy		BOO	Derek Walsh	C.P. Eriú	BOO	John Walsh	C.P. an Ghrífin	Tuismitheoir	Andy Pierce	Molta ag: Gerry McGuire Cuidithe ag: An Clr. Kazi Ahmed
I.B.O. Laoghaire	Dhún BOO	Deirdre Hanamy												
	BOO	Derek Walsh												
C.P. Eriú	BOO	John Walsh												
C.P. an Ghrífin	Tuismitheoir	Andy Pierce												
08	Comhfhreagras ón Roinn Tugadh na himlitreacha uile a bhain leis an BOO faoi deara	Nótáilte												
09	Comhfhreagras ó Dhaoine Eile:	Dada												
10	Nuashonrú ar an bPlean Straitéiseach	Dada												
11	Beartais agus Nósanna Imeachta	Dada												
12	Aon ghnó eile	Dada												
14	An chéad chruinniú eile Cuireadh in iúl do na baill go mbeidh an chéad chruinniú eile ar siúl an 18 Bealtaine 2020.													
	Cathaoirleach:													
	Dáta:													

LEARN
ACHIEVE
SUCCEED